

# POLASAÍ COMHIONANNAIS & ÉAGSÚLACHT
2025

**Ráiteas Polasaí**

Tá Ógras tiomanta go daingean do chomhionannas agus d'éagsúlacht i ngach limistéar dár gcuid oibre. Creidimid gur ghá deileáil le gach duine ar bhonn comhionannais agus fógraímid é seo ar gach ócáid gur féidir linn.

Tá ár bPolasaí Comhionannais agus Éagsúlachta mar chrann taca dár mbeartais agus dár nósanna imeachta. Tá polasaithe, deiseanna luach saothair, uaireanta oibre, scéimeanna athbhreithnithe feidhmíochta, próisis smachta agus eile mar aon le tairbhí an eagrais deartha chun chomhdheiseanna agus cosaint a sholáthar do gach ball foirne, do gach ball den eagras agus do gach oibrí deonach.

Creidimid go mbaineann comhionannas le cruthú sochaí atá níos cothromaí, áit go dtig le gach duine bheith rannpháirteach agus go bhfuil deis acu a bpoitéinseal a chomhlíonadh. (DoH 2004) Creidimid chomh maith gur féidir linn ár n-uaillmhianta a bhaint amach tríd an éagsúlacht.

**Polasaithe ábharthach eile**
Polasaí Cumhdach Leanaí
Polasaí Bulaíocht/Tromaíocht
Polasaí Earcaíochta
Polasaí ar Cheannairí Deonacha
Polasaí Féiniúlacht Inscne

**Doiciméid tacaíochta eile:**
Lámhleabhair Foirne
Lámhleabhar an Chlub
Cód Iompair do Bhord agus Foireann Ógras
Cód Iompar do Chlubanna Ógras

**Prionsabail Ghinearálta**

Tá cosaint agus leas páistí agus daoine óga fíorthábhachtach. Tá Ógras tiomanta chun a chinntiú nach ndéantar éagóir ar aon duine ar bhonn:

- Inscne,
- Stádais Phósta
- Stádais Teaghlaigh
- Gnéas chlaonta
- Aitheantais Inscne
- Creidimh
- Aoise
- Míchumais

- Cine
- Dearcthaí Polaitiúla
- Ballraíochta den Lucht Siúil

**Tá sé mar aidhm fhoriomlán an bheartais seo:**

- Leatrom neamhdhleathach a sheachaint.
- A chinntiú go bpléitear le gach duine go cóir, le dínit agus le meas.
- A chinntiú nach ndéantar leithcheal ar aon duine san eagraíocht
- Comhionannas deiseanna a chur chun cinn san eagras
- A chinntiú go mbeidh gach fostaí ionchasach cinnte go mbeidh ár bpróisis earcaíochta slán ó gach bac míréasúnta.
- Deileáil le ciapadh, le ciapadh tríú páirtí san áireamh.
- Próiseas a sholáthar chun deileáil le líomhaintí maidir le comhionannas
- Timpeallacht shábháilte, thacaíochta agus fháilteach a sholáthar – don bhfoireann, do chonraitheoirí, d'oibrithe deonacha agus do chuairteoirí.
- Ár mbunluachanna a chomhtháthú isteach inár gcuid oibre.

**Cur i bhfeidhm an Pholasaí**

Déanfaimid ár ndícheall ár bPolasaí Comhionannais agus Éagsúlachta a chur i bhfeidhm go héifeachtach ar na slite seo a leanas:

- An polasaí a chur chun cinn ar bhonn gníomhach.
- Monatóireacht agus léirmheas a dhéanamh ar bhonn rialta ar ár nósanna imeachta agus ár gcritéir maidir le roghnú post.
- Gníomhú de réir mar is cuí, ag baint úsáide as nósanna imeachta faofa, sa chás go dtagann líomhaintí chun cinn go bhfuil polasaí á shárú.
- Oiliúint agus treoir a sholáthar, go háirithe d'fhostaithe agus do cheannairí, chun a chinntiú go dtuigeann siad an polasaí seo agus a bhfreagrachtaí dlíthiúla ina leith.
- Ceardlanna a chur ar fáil sna clubanna le heolas a scaipeadh ar na baill

**Comhionannas agus Éagsúlacht sa Láthair Oibre**

Táimid tiomanta ar chomhdheiseanna fostaíochta a sholáthar mar aon le léiriú a thabhairt go dtuigimid an luach a bhaineann le héagsúlacht ár mbuíon oibre. Ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil comhionannas mar chrann taca ag gach gné dár bpolasaithe, dár nósanna imeachta agus dár gcleachtais fhostaíochta, déanfar cinnte:

- Gan idirdhealú éagórach a dhéanamh i gcoinne aon bhall nó aon fhostaí, agus gan ach fachtóirí ábhartha a thógáil san áireamh agus cinneadh á

dhéanamh faoi inniúlacht dhuine tabhairt faoin bpost.

- Lucht saothair a chruthú atá chomh ilghnéitheach leis an bpobal ar a bhfreastalóimid.
- Go ndéanfaimid ár ndícheall deileáil go cóir le gach fostaí agus le gach iarrathóir ar phost maidir lenár bpolasaithe agus ár nósanna imeachta fhostaíochta agus go ndéanfar gach iarracht freastal ar aon riachtanais bhreise réasúnta, cuí a d'fhéadfadh a bheith acu.
- Meas a léiriú d'fhéiniúlacht agus do chultúir ár bhfoireann, ár n-oibrithe deonacha agus ár mbaill agus mar sin de.
- Go ndéanfaimid ár ndícheall oibriú i dtreo láthair oibre atá saor ó idirdhealú, ó bhulaíocht agus ó chiapadh agus go bhfeidhmeoimid go pras maidir le haon ghearán faoi idirdhealú, faoi bhulaíocht, faoi chiapadh nó faoi leatrom.
- Timpeallacht oibre shábháilte a sholáthar
- Go mbeidh an oiread rochtana agus is féidir ag ár bhfostaithe ar an láthair oibre nó ar fhaisnéis faoin obair.
- Eolas soiléir a thabhairt dár bhfostaithe faoi roghnú post agus oiliúint agus go spreagfar gach fostaí chun a gcumas iomlán a bhaint amach
- Go bhfeidhmeoimid de réir na reachtaíochta fostaíochta ábhartha agus na cóid chleachtais reachtúla.
- Go leanfar ar aghaidh ag forbairt dea-chleachtas maidir le polasaithe agus le nósanna imeachta fhostaíochta a théann níos faide ná na polasaithe agus nósanna imeachta atá riachtanach faoi reachtaíocht.
- Go gcuirfear an Polasaí Comhionannais agus Éagsúlachta i bhfeidhm maidir le próiseas earcaíochta agus roghnaithe, cláir oiliúna agus gnásanna casaoide an eagrais agus maidir le gach polasaí fostaíochta ábhartha eile.
- Go ndéanfaimid ár ndícheall rochtain a thabhairt d'fhostaithe agus d'iarratasóirí ar phost ar ghnásanna casaoide má cheapann siad gur deineadh éagóir orthu.

**Tiomantas d'úsáideoirí**

Is féidir le húsáideoirí seirbhíse agus úsáideoirí seirbhíse ionchasacha a bheith ag súil go mbeidh na haidhmeanna seo a leanas ag Ógras:

- Seirbhísí éifeachtacha, inrochtana agus oiriúnacha a dhearadh agus a sheachadadh do gach ball den bpobal
- Oibriú i gcomhpháirt le daoine eile chun comhionannas agus éagsúlacht a chur chun cinn
- Cinntiú go gcuirfear seirbhísí ar fáil a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha agus cóid chleachtais reachtúla

- Leanúint ar aghaidh ag forbairt dea-chleachtais maidir le polasaithe agus le nósanna imeachta fhostaíochta – dea-chleachtais a théann níos faide ná na polasaithe agus nósanna imeachta atá riachtanach faoi reachtaíocht.
- Gníomhú go pras má thagann aon ghearán chugainn faoina bealaí ina gcuirfear ár seirbhísí ar fáil

**Freagracht maidir le cur i bhfeidhm an Pholasaí**

Tá príomh fhreagracht ag an mBord Stiúrtha chun an polasaí a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh ar an bhfeidhmiú seo, ach beidh freagracht ar gach fostaí an polasaí a úsáid i ngach limistéar dá gcuid oibre, ina n-aonar agus le chéile.

Tá freagracht ar an mbainistíocht agus ar gach fostaí le freagracht mhaoirseachta, maidir le feidhmiú, le monatóireacht agus le cur chun cinn an pholasaí seo.

Is gá do gach fostaí a chinntiú:

- Nach ndéanfaidh siad idirdhealú ar éinne, aon duine a bhaineann le duine le tréith cosanta, cúramóirí, mar shampla.
- Nach ndéanfaidh siad leithcheal ar éinne
- Nach gcuirfidh siad brú nó nach gcuirfidh siad ina luí ar fhostaí eile idirdhealú a dhéanamh
- Nach ndéanfaidh siad fostaithe eile a chiapadh, nach ndéanfaidh siad bulaíocht orthu agus nach mbainfidh siad mí-úsáid as fostaithe eile nó as an bpobal ar chúis ar bith.
- Nach gcúitíonn siad ciapadh, ciapadh tríú páirtí san áireamh.
- Go n-iarrann muid agus go dtugann muid tús áit d'aon ionad a chuireann na haiseanna seo ar fáil– Leithris / Citheanna / Seomraí Feistis – le haghaidh cailíní / buachaillí / ilinscne le haghaidh turais nó imeachtaí thar oíche as seo amach.

Sa chás go bhfaca duine ar bith eachtra idirdhealaitheacha sa láthair oibre, tá dualgas cúraim orthu do dhaoine eile dúshlán a thabhairt d'iompar agus do chleachtas den tsaghas seo. Is féidir tabhairt faoi ghníomhú breise más gá trí tuairisc faoin eachtra a thabhairt don Stiúrthóir nó don Bhord Stiúrtha.

Muna leanann an fostaí na riachtanais seo agus eile an Pholasaí Chomhionannais agus Éagsúlachta, déileálfar leis de ghnáth faoin bPróiseas Smachta.

**Ag deileáil le Cas leithcheal sa chlub ba chóir an treoir thíos a leanúint**

- Ba chóir go mbeadh traenáil déanta ag na ceannairí cheana mar chuid dá gcuid bun thraenáil
- Déan taifead de cad a tharla
- Cur scéala chuig tuismitheoirí na páirte leasmhara – na íospartaigh agus na déantóir coire

- Déan teagmháil le Ard-Oifig Ógras
- Córas smachta a chur i bhfeidhm más gá
- Ceardlann a chur ar fáil do na baill sa chlub muna bhfuil sé déanta cheana féin.
- Lean an treoir atá leagtha síos i gCód Iompair Ógras do chlubanna Óige

**Monatóireacht**

Déanfaidh An Bord Stiúrtha athbhreithniú ar an Pholasaí seo gach trí bliana, chun a chinntiú go bhfuil sé oiriúnach agus freagrach don reachtaíocht ábhartha. Déanfar leasuithe ar an Pholasaí agus ar an Scéim, de réir mar is cuí, i bhfianaise taithí agus/nó athruithe i dtreoraíocht agus nó i reachtaíocht.

Déanfar athbhreithniú leanúnach freisin ar gach gné de pholasaithe agus de nósanna imeachta Pearsanra mar chuid den Pholasaí seo agus ar mhaithe le héifeachtacht chur i bhfeidhm an Pholasaí a aithint agus a mheas.

Ba chóir an polasaí seo a léamh i gcomhar le Polasaithe eile Ógras atá luaite ag barr an doiciméad seo.

**Athbhreithniú polasaí**

**I bhfeidhm ó : 2025**

**Duine Freagrach as: Stiúrthóir Ógras**

**Freagracht foriomlán: Bord Stiúrtha Ógras**

**Le hathbhreathnú Samhain 2028**

**Síniú:** **Stiúrthóir**

**Dáta: 1 Samhain 2025**